‘Tá Éire fíorálainn’

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi theachtaireacht cháiliúil *Twitter*. Féach ar an tuairisc den chéad uair agus aimsigh an leagan Gaeilge de na focail seo inti.

1. astronaut _____
2. little shock _____
3. it effected _____
4. to attract people _____
5. lovely places _____
6. decided _____
7. curious students _____
8. shaves himself _____
9. worldwide marketing campaign _____
10. steering flat _____

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair. An raibh aon ní nár thuig tú? Iarr ar an rang iomlán cabhrú leat tar éis na míre.

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt:

1. Cé hé Chris Hadfield?
2. Cén fáth a bhfuil sé in Éirinn?
3. Cé a bhí ag múineadh Gaeilge dó?
4. Cad iad na ceisteanna a bhí ag an rang níos airde?
5. Cén fáth a bhfuil Turasóireacht Éireann ag déanamh gearrscannán faoi?
6. Cad a bronnadh air sa scoil?

Ceist 4 Cad atá i gceist le lagiolra agus cad atá i gceist le tréaniolra?

Cuir na hainmfhocail seo a bhí sa tuairisc san uimhir iolra agus léirigh an tréaniolraí nó lagiolraí iad. Tá an chéad cheann déanta duit.

uatha	*iolra*	*lagiolra*	*tréaniolra*
spásaire	spásairí		✓
teachtaireacht			
ceacht			
dalta			
oileán			
milliún			
gaelscoil			
turas			
ambasadóir			
teastas			
fáinne			
bróg*			

**focal nach raibh sa tuairisc.*

Ceist 5 '…chuaigh sé i bhfeidhm go mór ar…'

Cad iad na slite eile atá ar eolas agat chun an sampla thuas a rá?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. Dá mbeifeá féin sa rang a raibh Chris Hadfield ag tabhairt cuairte air, cén cheist a chuirfeá air?
2. Tá eagraíocht neamhbhrabúis ón Ísiltír ag iarraidh ceathrar coilíneach a chur ar Mhars faoin mbliain 2023. An rachfá? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. astronaut	*spásaire*
2. little shock	*preab bheag*
3. it affected	*chuaigh sé i bhfeidhm ar*
4. to attract people	*le daoine a mhealladh*
5. lovely places	*áiteanna áille*
6. decided	*socraithe*
7. curious students	*daltaí fiosracha*
8. shaves himself	*a bhearrann sé é féin*
9. worldwide marketing campaign	*feachtas domhanda margaíochta*
10. steering flat	*seomra stiúrtha*

Ceist 2

Iarr ar na foghlaimeoirí féachaint ar an mír den chéad uair agus bíodh plé oscailte agat leis an rang ar fad faoi na nithe nár thuig siad sa tuairisc. Téigh siar ar na deacrachtaí a bhí acu agus cuir an mhír ar siúl arís.

Ceist 3

1. Is spásaire cáiliúil é ó Cheanada.
2. Chuir sé an teachtaireacht 'Tá Éire fíorálainn' ar Twitter nuair a bhí sé os cionn na tíre sa spás anuraidh. De bhrí go bhfuil lucht leanúna mór aige de níos mó ná milliún duine, chuaigh an teachtaireacht i bhfeidhm ar a lán daoine. D'fhostaigh Turasóireacht Éireann é chun cuairt a thabhairt ar an tír ar feadh cúig lá.
3. Bhí daltaí scoile ó Ghaelscoil Bhun Cranncha, Contae Dhún na nGall ag múineadh dó conas comhaireamh as Gaeilge.
4. Cad é mar a bhearrann sé é féin sa spás? Cad é mar a bhíonn cithfholcadh aige sa spás? Cad é a itheann sé sa spás? Cén fhad a mhaireann turas chuig an spás?
5. Tá Turasóireacht Éireann le trí ghearrscannán a dhéanamh faoi chuairt Chris ar an tír seo mar chuid dá feachtas domhanda margaíochta.
6. Bronnadh teastas agus fáinne na Gaeilge air.

Ceist 4

Tá dhá chineál iolra ann sa Ghaeilge – lagiolra agus tréaniolra. Tá sé an-éasca a dhéanamh amach cén ceann atá i gceist mar níl ann ach dhá chineál lagiolra.

Lagiolra:

(1) Focal a gcuirtear **–a** leis chun an t-iolra a aimsiú
e.g. cos – cos**a**

(2) Focal a **chaolaítear** chun an t-iolra a aimsiú
e.g. bád - báid

Is **tréaniolraí** iad **gach cineál** eile iolra.

Ceist 5

uatha	*iolra*	*lagiolra*	*tréaniolra*
spásaire	spásairí		✓
teachtaireacht	teachtaireachtaí		✓
ceacht	ceachtanna		✓
dalta	daltaí		✓
oileán	oileáin	✓	
milliún	milliúin	✓	
gaelscoil	gaelscoileanna		✓
turas	turais	✓	
ambasadóir	ambasadóirí		✓
teastas	teastais	✓	
fáinne	fáinní		✓
bróg*	bróga	✓	

Ceist 6

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Eimear Ní Chonaola
'Tá Éire fíorálainn'[1] a dúirt an spásaire Chris Hadfield nuair a sheol sé an chéad teachtaireacht riamh i nGaeilge as an Spás. Tá Chris Hadfield ar cuairt cúig lá ar an tír ar chuireadh ó Thurasóireacht Éireann lena fháil amach dó féin chomh fíorálainn is atá sí. Maidin inniu fuair sé ceacht Gaeilge ó dhaltaí as Gaelscoil Bhun Cranncha i gContae Dhún na nGall.

Ailbhe Ó Monacháin
Baineadh preab bheag asainn anuraidh nuair a tháinig an teachtaireacht is moltaí riamh chugainn ón Spás inár dteanga féin. An spásaire as Ceanada, Chris Hadfield, a leag súil ar an oileán beag s'againne agus a scríobh ar *Twitter* 'Tá Éire fíorálainn'. Chuaigh sé i bhfeidhm go mór sin ar an mhilliún dá lucht leanúna ar *Twitter* gur fhostaigh Turasóireacht Éireann é le daoine a mhealladh chun na tíre seo. Chaith sé féin agus a bhean Helene an deireadh seachtaine idir Béal Feirste agus Baile Átha Cliath. Agus ar maidin tháinig sé go Bun Cranncha, ait a bhfuair sé rang Gaeilge ó dhaltaí na Gaelscoile.

Ach i ndiaidh cuairt a thabhairt ar áiteanna áille sa tír le cúpla lá agus fiú más spásaire féin é, tá a intinn socraithe anois ag Chris: 'Bhuel tá Éire fíorálainn ach tá Dún na nGall speisialta'.

Ar aghaidh ansin le Chris chuig rang níos airde, áit a raibh go leor ceisteanna ag daltaí fiosracha dó. An chéad cheist: *Cad é mar a bhearrann sé é féin sa spás? Cad é mar a bhíonn cithfholcadh aige sa spás? Cad é a itheann sé sa spás?* Agus *cén fhad a mhaireann turas chuig an spás?* Ach ós rud é gur spásaire atá in Chris bhí na freagraí uilig aige. Tá Turasóireacht Éireann le trí ghearrscannán a dhéanamh fá chuairt Chris ar an tír seo mar chuid dá feachtas domhanda margaíochta. Cineál d'ambasadóir na hÉireann ón Spás agus b'fhéidir chuig an spás. Ansin, i ndiaidh teastas agus fáinne na Gaeilge a bhronnadh air bhí sé in am do Chris dul ar a chéad mhisean eile.

Lauren Ní Cheallaigh
Anocht beidh Chris ag dul chuig seisiún ceoil thraidisiúnta agus beidh sé ag scríobh faoi ar *Twitter*. Ach anois ó Bhun Cranncha rachaidh muid ar ais chuig (an) seomra stiúrtha i mBaile na hAbhann.

[1] '*Tá Éir<u>inn</u> fíorálainn'* a deirtear sa mhír. Is í 'Éire' ainm na tíre agus is í sin an fhoirm atá ceart san abairt seo. Úsáidtear an fhoirm 'Éirinn' tar éis réamhfhocal (m.sh. in Éirinn, go hÉirinn) agus an fhoirm 'Éireann' sa tuiseal ginideach (m.sh. muintir na hÉireann, turasóireacht Éireann).